LOBBYING.ie
An Clár Brústocaireachta
Register of Lobbying






# 2020
# Brústocaireacht a Rialáil Tuarascáil Bhliantúil


Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
Standards in Public Office Commission

# Staitisticí

## Figiúr 1 – Cláraithe nua na mblianta 2015-2020




## Figiúr 2 – Na cúig Ní Beartais Phoiblí is mó a ndearnadh Brústocaireacht sa bhliain 2020





## Figiúr 3 - Iarratais chun tréimhse suaimhnis na fostaíochta iar-phoiblí a scaoileadh/a laghdú, sna blianta 2015 go dtí 2020

| | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Airí | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Airí Sáit | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Comhairleoirí Aireachta | 0 | 1 | 3 | 2 | 2 | 8 |
| Seirbhísigh phoiblí fhorordaithe | 0 | 1 | 2 | 0 | 0 | 0 |
| **IOMLÁN** | **0** | **2** | **5** | **2** | **2** | **8** |

## Figiúr 4 - Suíomh réigiúnach na gcláraithe ag deireadh na bliana 2020

An Bhreatain Mhór: 68
An Chuid eile den Eoraip: 20
An Chuid eile den Domhan: 10

**Iomlán: 2085**




# Cinntí déanta faoin Acht 2020

- Féadfaidh An Coimisiún cinntí a dhéanamh faoi a. 10, 14 & 22 den Acht, a fhéadfar a achomharc.
- Ní dhearnadh aon iarratais chun moill a chur ar fhoilsiú tuairisceáin ar an gclár faoi alt 14 den Acht.
- Naoi n-imscrúdú ar brústocaireacht fhéideartha neamhthuairiscithe nó neamhchláraithe a tugadh ar aghaidh ón mbliain roimhe sin. Seoladh trí imscrúdú eile, agus cuireadh clabhsúr le 11 acu faoi dheireadh na bliana. Tugadh imscrúdú amháin ar aghaidh go 2021.
- I 2020, rinne ocht n-iar-DPO iarratas ar laghdú/tharscaoileadh a bhforálacha iarfhostaíochta – an líon is mó ó cuireadh tús leis an Acht. Tháinig an Coimisiún ar an eolas faoi bheirt iar-DPO nach ndearna iarratas ach, dar leis an gCoimisiún, ba cheart go mbeadh toiliú iarrtha acu chun dul i mbun fostaíochta áirithe.

# Gníomhaíochtaí Forfheidhmiúcháin in 2020

### Cionta faoi alt 20(1) den Acht – tuairisceáin dheireanacha

| Líon na bhFógraí A. 20(1) eisithe I 2020 | Maidir le tréimhsí tuairisceán 2020 | Maidir le tréimhsí tuairisceán 2019 |
|---|---|---|
| 379 | 234 | 145 |

Sa bhliain 2020, chuaigh an Coimisiún i mbun dhá ionchúiseamh i leith cionta faoi alt 20 (1) den Acht. Socraíodh an dá ghníomh agus ní dhearnadh aon chiontú.

### Cionta faoi alt 20(2) den Acht – teip tuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta a chur ar fáil

| Líon na bhFógraí alt 20(2) eisithe | Maidir le tréimhsí tuairisceán 2020 | Maidir le tréimhsí tuairisceán 2019 | Tarchurtha le haghaidh ionchúisimh |
|---|---|---|---|
| 150 | 111 | 39 | 1 |

## An Dara hAthbhreithniú Reachtach ar an Acht

Cuireadh An Dara hAthbhreithniú Reachtach ar an Acht, a seoladh i 2019, i gcrích i mí Feabhra 2020. Níor formhuiníodh aon cheann de mholtaí an Choimisiúin sa tuarascáil, a d'fhoilsigh An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. De bhun éileamh ar athchóiriú, seoladh athbhreithniú nua go déanach i 2020, agus leathnaíodh é chun moltaí a rinne an Coimisiún maidir le hathbhreithnithe roimhe seo agus saincheisteanna eile a chuimsiú. Meastar go gcuirfear críoch leis an athbhreithniú i 2021. Is féidir moltaí an Choimisiúin a fheiceáil ar líne.

## An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil 2015

Is féidir breathnú ar Acht um Brústocaireacht a Rialáil 2015 ar líne.

## An Cód Iompair

Tá an Cód Iompair, a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2019, le fáil ar líne.